Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11467/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0119(BUD)**

**BUDGET 16**

**EXPLANATORY MEMORANDUM**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022: Barrachas ón mbliain airgeadais 2021 a iontráil: Seasamh ón gComhairle an 18 Iúil 2022 |

## I. RÉAMHRÁ

An 12 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022 maidir le buiséadú an bharrachais a eascraíonn ó chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain 2021.

Tar éis buiséad na bliana 2021 a chur chun feidhme, tá *barrachas* EUR 3 227.06 milliún ann a eascraíonn ón méid a leanas:

(a) olltoradh deimhneach *sa chuid sin den bhuiséad a bhaineann le hioncam* (+ EUR 2 574.76 milliún) mar a leanas:

- Teideal 1 (acmhainní dílse): + EUR 1,638.78 milliún
- Teideal 2 (barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe): + EUR 3.42 milliún
- Teideal 3 (ioncam riaracháin): - EUR 143.45 milliún
- Teideal 4 (ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha):+ EUR 1,110.77 milliún
- Teideal 6 (ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais): - EUR 34.77 milliún

(b) cur chun feidhme easnamhach ó thaobh chaiteachas an bhuiséid de (- EUR 652.30 milliún), go háirithe:

- leithreasuithe a údaraíodh i mbuiséad 2021 (an Coimisiún agus institiúidí eile): - EUR 198.97 milliún

- leithreasuithe a tugadh anonn ó 2019 a cuireadh ar ceal (an Coimisiún agus institiúidí eile): - EUR 327.47 milliún

- éagsúlachtaí sa ráta malartaithe: - EUR 125.87 milliún

Le buiséadú an bharrachais sin, laghdófar dá réir ranníocaíocht fhoriomlán na mBallstát le maoiniú bhuiséad an Aontais in 2022.

## II. CONCLÚID

An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2022, mar a leagtar amach é san iarscríbhinn theicniúil a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an meabhrán míniúcháin seo.